

Pastime Chonamara – Ardán na nÓg



An aithníonn sibh mórán acu seo?

*Gach Cineál Clódóireachta
idir leabhair agus obair lándaite*

Is cuma muna bhfuil uait ach 10 gcóip lándaite is féidir linn é a dhéanamh ar *Digital Press* nó más mílte cóipeanna atá uait tá inneall nua 4 dhath againn.

Glaigh orainn i gcóir meastachán



CLÓDÓIRÍ LURGAN TEO.

Indreabhán, Co. na Gaillimhe.

Fón: 091-593251/593157. Fax: 593159.

Clólan na Gaeltachta agus na Gaeilge

Cois Fharraige agus an 'Quiet Man'

Filimína Uí Dhubhghaill

Imí Aibreán 1951 tháinig John Feeney, nó John Ford mar ab fhearr aithne air, ar cuairt go dtí an Chré Dhubh ar thóir a chol ceathar, Mikeen Bhríd Mháire nó Mícheál Ó Conghaile. Ba aintín le John Ford í a mháthair, i.e. Bríd Mháire agus Seán Mháire (athair John Ford). Bhí cion a chroí aige ar a shinsir agus theastaigh uaidh eolas a fháil faoina áit dhúchais.



Nóra agus Barry Fitzgerald ar sheit an *Quiet Man*.

Ag an am seo bhí faoi Ford an scannán "The Quiet Man" a dhéanamh i gCois Fharraige. Ar dtús shíl sé go mbeadh sé in ann an scannán a dhéanamh sa Spidéal (timpeall ar "Spiddal House") ach tar éis scrúdú a dhéanamh ar an áit thuig sé nach mbeadh dóthain spáis ann agus shocraigh sé ar an scannán a dhéanamh mórthimpeall ar Ashford Castle.



Maidhicín Bhríd Mháire (athair Nóra) as an gCré Dhubh, col ceathrar le John Ford.

Tháinig sé ar ais go hÉirinn i mí Meitheamh agus arís thug sé cuairt ar a ghaolta ar an gCré Dhubh agus ina theannta bhí Marion Michael Morrison – b'shin mar a chur sé in aithne John Wayne – ba chuma cén t-ainm a thabharfadh sé air ní aithneodh muintir na Cré

Duibhe é toisc nár chualadar riamh faoin aisteoir cáiliúil agus ní raibh tuairim na ngrást acu céard go díreach a bhí ar siúl ag a gcol ceathrar as Portland, Maine!

Chas John Ford le hiníon Mhaidhicín – Nóra Ní Chonghaile – a bhí ina bean óg, dathúil, ina cuid tríochadaí ag an am. Thug sé cuireadh di teacht leis go Conga ionas go gcloisfeadh na Meiriceánaigh Gaeilge á labhairt leis an "mblas" ceart!! Ar dtús dhiúltaigh sí, ach ní mba duine é Ford a ghlac le diúltú agus faoi dheireadh thug sí isteach ach ar choinníoll go

dtiocfadh beirt iníon le col ceathrar eile le Ford (muintir Uí Fhinneadha, as an Tuar Beag,) ina teannta. Chaith an triúr acu 6 seachtainí an samhraidh sin ag taisteal go Conga chuile mhaidin i gcarr a bhí ordaithe agus íoctha ag Ford chun iad a sheachadadh ann agus abhaile.

Nuair a bhí an scannán á thaifeadadh bhí Nóra ina seasamh i bhfoisceacht cúpla coisméig do Maureen O'Hara agus í ag déanamh a "faoistine" as Gaeilge. Chomh maith le bheith páirteach sa scannán, is é seál Nóra a chaitheann Maureen O'Hara sa scannán – seál a máthar atá á chaitheamh ag May Craig agus báinín a hathar atá á chaitheamh ag Francis Ford.



Ó chlér, John Ford, Máire Mháirtín Ned Ní Fheinneadha, Pádraig Ford, Nóra Ní Chonghaile (Uí Chualáin) agus Bríd Mháirtín Ned Ní Fheinneadha.